Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5126/22**

**SOC 11**
**EMPL 9**
**SAN 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Sebastian SCHNEIDER, comhalta don Ghearmáin, in ionad Sonja KÖNIG, atá éirithe as |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Sonja KÖNIG éirithe as mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don Ghearmáin).

2. Faoi Airteagal 3 de Chinneadh 2003/C 218/01[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha.

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Gearmáine le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 28 Feabhra 2022:

Sebastian SCHNEIDER
DGB National Executive
Henriette-Herz-Platz 2
DE-10178 BERLIN
Teil: + 49 30 240 60 252
Facs: + 49 30 240 60 226
seoladh ríomhphoist: sebastian.schneider@dgb.de

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair a ghlacadh mar mhír "A", agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2003/C 218/01 ón gComhairle an 22 Iúil 2003[2] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinntí uaithi an 12 Márta 2019[3], an 15 Aibreán 2019[4], an 14 Bealtaine 2019[5], an 27 Bealtaine 2019[6] agus an 8 Iúil 2019[7], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse dar críoch an 28 Feabhra 2022.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Sonja KÖNIG as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Gearmáine don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.
[3] IO C 100, 15.3.2019, lch. 1.
[4] IO C 142, 23.4.2019, lch. 20.
[5] IO C 167, 16.5.2019, lch. 2.
[6] IO C 185, 29.5.2019, lch. 3.
[7] IO C 232, 10.7.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Sebastian SCHNEIDER ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Sonja KÖNIG ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 28 Feabhra 2022.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán